An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 25 Márta 2022**
**(OR. en)**

**EUCO 1/22**

**CO EUR 1**
**CONCL 1**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (24 agus 25 Márta 2022)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

*Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle Eorpach le hUachtarán na Stát Aontaithe maidir le comhar trasatlantach i gcomhthéacs an fhogha mhíleata atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin.*

*

* *

## I. AN FOGHA MÍLEATA ATÁ Á THABHAIRT AG AN RÚIS FAOIN ÚCRÁIN

1. Is sárú fíochmhar ar an dlí idirnáisiúnta é cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus líon ollmhór sibhialtach á ghortú agus á mharú mar thoradh air. Tá ionsaithe á ndíriú ag an Rúis ar an bpobal sibhialta agus réada sibhialtacha mar sprioc aici, lena n-áirítear ospidéil, saoráidí leighis, scoileanna agus scáthláin. Ní mór deireadh a chur leis na coireanna cogaidh sin láithreach bonn. Iad siúd atá freagrach, tabharfar chun cuntais iad, iad féin agus a gcionpháirtithe, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Ní féidir glacadh le léigear Mariupol agus cathracha eile san Úcráin ná le rochtain dhaonnúil a bheith á diúltú ag fórsaí míleata na Rúise. Ní mór d’fhórsaí na Rúise conairí sábháilte a chur ar fáil láithreach go dtí áiteanna eile san Úcráin, agus cabhair dhaonnúil a chur ar fáil do Mariupol agus do chathracha eile atá faoi léigear.

2. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar an Rúis gluaiseacht shábháilte a ráthú go práinneach do shibhialtaigh atá gafa sna limistéir chogaidh uile eile, go dtí a rogha cinn scríbe, na gialla uile a scaoileadh saor láithreach, rochtain dhaonnúil leanúnach a chur ar fáil agus conairí daonnúla a bhunú. Tathantaíonn sí ar an Rúis freisin a cuid oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta a lánurramú, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus cloí leis an ordú a thug an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta le déanaí.

3. Éilíonn an Chomhairle Eorpach go gcuirfeadh an Rúis stop láithreach leis an bhfogha míleata atá á thabhairt aici i gcríoch na hÚcráine, go dtarraingeodh sí siar, láithreach agus gan choinníoll, na fórsaí agus an trealamh míleata uile ó chríoch na hÚcráine ina hiomláine, agus go n-urramódh sí iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine laistigh dá teorainneacha faoi mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad.

4. Seasann an tAontas Eorpach leis an Úcráin agus lena muintir agus athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach Dearbhú Versailles, ina n-aithnítear uaillmhianta Eorpacha na hÚcráine agus an rogha Eorpach atá déanta aici, mar a leagtar amach sa Chomhaontú Comhlachais. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún in athuair a thuairim a thíolacadh i gcomhréir le forálacha ábhartha na gConarthaí. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht chomhordaithe a chur ar fáil, tacaíocht pholaitiúil, airgeadais, ábharach agus dhaonnúil. Go dtí seo, tá smachtbhannaí suntasacha glactha ag an Aontas Eorpach a bhfuil tionchar ollmhór á imirt acu ar an Rúis agus ar an mBealarúis, agus tá sé réidh i gcónaí chun aon lúb ar lár a dhúnadh agus díriú ar aon teacht timpeall atá á dhéanamh nó a d'fhéadfaí a dhéanamh agus smachtbhannaí láidre breise a chur gan mhoill ar an Rúis agus ar an mBealarúis chun cumas na Rúise leanúint den ionsaí a chur ó mhaith. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar gach tír í féin a ailíniú leis na smachtbhannaí sin. Ní mór stop a chur le haon iarrachtaí ar theacht timpeall ar na smachtbhannaí nó ar theacht i gcabhair ar an Rúis slí ar bith eile.

5. B'éigean do na milliúin duine teitheadh óna mbaile mar thoradh ar an bhfogha míleata atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin. Tá foscadh agus sábháilteacht faighte ag go leor acu san Aontas Eorpach, a bhuí sin leis an sásra cosanta sealadaí. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar riachtanais na ndaoine is leochailí agus ar bhearta chun gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a bhrath. Molann an Chomhairle Eorpach na saoránaigh, na heagraíochtaí agus na rialtais ar fad ar fud na hEorpa a léirigh dlúthpháirtíocht leo siúd atá ag teitheadh ón gcogadh scáfar seo.

6. Is dúshlán suntasach í an ghéarchéim seo do bhonneagar agus do sheirbhísí poiblí na Stát óstach, go háirithe ag na teorainneacha leis an Úcráin. Aithníonn an Chomhairle Eorpach na hiarrachtaí uile atá déanta go dtí seo chun fáilte a chur roimh dhídeanaithe atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin, agus iarrann sí ar na Ballstáit go léir dlús a chur lena n-iarrachtaí de mheon na haontachta agus na dlúthpháirtíochta, agus iarrann sí ar an gCoimisiún pé tionscnaimh a bhfuil gá leo a chur ar bun chun na hiarrachtaí sin a éascú. Iarrann sí freisin go dtabharfaí chun críche go práinneach an obair maidir leis na tograí a tháinig ón gCoimisiún le déanaí chun tacú leis na Ballstáit le háirithiú go ndéanfar cistí ón Aontas a shlógadh gan mhoill do dhídeanaithe agus a n-óstaigh agus iarrann sí ar an gCoimisiún dul i mbun oibre ar thograí breise chun an tacaíocht ón Aontas a threisiú i ndáil leis an méid sin. Iarrann sí ar na Ballstáit pleananna teagmhasacha a fhorbairt, le tacaíocht ón gCoimisiún, chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais mheántéarmacha agus fhadtéarmacha chomh maith.

7. Tá an tAontas Eorpach tiomanta go ndéanfar sreabhadh an leictreachais agus an gháis chuig an Úcráin a áirithiú gan stad. Is mór an t-éacht é go ndearnadh eangacha leictreachais na hÚcráine agus na Moldóive a shioncrónú le heangacha an Aontais le déanaí. Léiríonn sé sin go bhfuil ár dtodhchaí agus a dtodhchaí siúd fite fuaite ina chéile anois. Ní mór sábháilteacht shaoráidí núicléacha na hÚcráine a áirithiú, lena n-áirítear le tacaíocht ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach.

8. Agus aird á tabhairt ar an scrios agus na caillteanais ollmhóra atá á n-imirt ar an Úcráin le fogha míleata na Rúise, tá an tAontas Eorpach tiomanta tacaíocht a chur ar fáil do Rialtas na hÚcráine dá riachtanais phráinneacha agus, nuair a bheidh deireadh leis an ruathar seo ón Rúis, ar mhaithe le hatógáil na hÚcráine daonlathaí. Chuige sin, tá sé comhaontaithe ag an gComhairle Eorpach Ciste Iontaobhais Dlúthpháirtíochta don Úcráin a fhorbairt agus iarrann sí ar a comhpháirtithe idirnáisiúnta a bheith rannpháirteach agus iarrann sí freisin go gcuirfí tús gan mhoill leis na hullmhúcháin chuige sin. Iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint de chúnamh teicniúil a chur ar fáil chun cabhrú leis an Úcráin na hathchóirithe is gá a chur chun feidhme.

9. Iarrann an Chomhairle Eorpach go reáchtálfaí comhdháil idirnáisiúnta in am trátha chun cistiú a chur ar fáil faoin gCiste Iontaobhais Dlúthpháirtíochta don Úcráin.

10. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach freisin a thiomanta atá sí seasamh le Poblacht na Moldóive agus a muintir.

## II. <u>SLÁNDÁIL AGUS COSAINT</u>

11. Agus clár oibre Versailles á mheabhrú di, bhí díospóireacht straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir le slándáil agus cosaint i bhfianaise nuastaid seo na slándála san Eoraip, ar athrú mór í dá timpeallacht straitéiseach.

12. Formhuiníonn an Chomhairle Eorpach an Compás Straitéiseach, ina leagtar amach an treoir straitéiseach do na deich mbliana amach romhainn agus ina sainítear sraith chomhsheasmhach gníomhaíochtaí, bealaí agus modhanna, agus spriocanna soiléire, a theastaíonn don iarracht nua seo tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

    a) a chur ar chumas an Aontais Eorpaigh gníomhú ar bhealach níos tapa agus níos cinntithí i ngéarchéimeanna;

b) ár leasanna a dhaingniú agus ár saoránaigh a chosaint trí acmhainneacht an Aontais Eorpaigh a threisiú ó thaobh bagairtí a thuar agus a mhaolú;

c) infheistíocht agus nuálaíocht a spreagadh chun na cumais agus teicneolaíochtaí riachtanacha a fhorbairt go comhpháirteach;

d) ár gcomhar le comhpháirtithe a dhoimhniú chun spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach.

Iarrann sí ar an gComhairle leanúint den obair chun an Compás Straitéiseach a chur chun feidhme, i gcomhréir leis an gclár ama a leagtar amach ann.

13. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil leis an anailís a bheidh le forbairt ag an gCoimisiún faoi lár mhí na Bealtaine, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, ar na bearnaí infheistíochta i réimse na cosanta agus leis na tograí maidir le haon tionscnamh eile is gá chun bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí a neartú. Beidh sé sin ag cur leis na hiarrachtaí chun athléimneacht an Aontais Eorpaigh a neartú agus a chumas slándála agus cosanta a mhéadú trí infheistíochtaí breise agus níos fearr a dhéanamh, ag díriú ar easnaimh straitéiseacha shainaitheanta. Iarrann sí ar an gComhairle dul chun cinn a dhéanamh ar na tograí a tháinig ón gCoimisiún le déanaí.

14. Chun cumais chosanta an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát a neartú, ba cheart leas a bhaint as acmhainneacht iomlán ionstraimí cistiúcháin agus tionscnaimh chistiúcháin an Aontais, go háirithe an Ciste Eorpach Cosanta agus an Buanchomhar Struchtúrtha, an Plean Forbraíochta um Chumas agus an tAthbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint. Ina theannta sin, ba cheart bearta a dhéanamh faoi dheireadh 2022 chun rochtain ar chistiú príobháideach a chur chun cinn agus a éascú don tionscal cosanta, agus é sin a dhéanamh freisin tríd an úsáid is fearr a bhaint as na deiseanna arna gcur ar fáil ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. Déanfaidh an Chomhairle Eorpach measúnú go tráthrialta ar chur chun feidhme an Chompáis Straitéisigh agus ar an dul chun cinn i réimse na slándála agus na cosanta. Tabharfaidh sí tuilleadh treorach más gá.

## III. FUINNEAMH

15. Cuirfidh an tAontas Eorpach deireadh de réir a chéile lena spleáchas ar allmhairí gáis, ola agus guail ón Rúis a luaithe is féidir, mar atá leagtha amach i nDearbhú Versailles. Dá bhrí sin, tá an Chomhairle Eorpach ag súil leis an bplean cuimsitheach uaillmhianach, arna tharraingt suas i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, a bheidh le tíolacadh ag an gCoimisiún i ndáil leis sin faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2022. Cuirfear na himthosca náisiúnta agus meascán fuinnimh na mBallstát san áireamh.

16. Bíonn tionchar diúltach ag ardphraghsanna leanúnacha fuinnimh ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí, tionchar ar measa fós é anois le fogha míleata na Rúise faoin Úcráin. Phléigh an Chomhairle Eorpach cé mar is féidir tuilleadh faoisimh a thabhairt do na tomhaltóirí is leochailí agus cé mar is féidir tacú le gnólachtaí Eorpacha sa ghearrthéarma.

    Déanann an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:

    a) iarrann sí ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún leanúint den úsáid is fearr dár féidir a bhaint as an mbosca uirlisí, lena n-áirítear creat nua sealadach géarchéime um státchabhair, mar imeacht atá teoranta ó thaobh ama de ón *status quo*. Mar atá molta ag an gCoimisiún, d'fhéadfadh an cánachas sealadach a ghearrtar ar bhrabúis amhantair nó idirghabhálacha rialála a ndéantar orthu a bheith ina fhoinse úsáideach mhaoinithe;

    b) cuireann sí de chúram ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún, mar ábhar práinne, dul i dteagmháil leis na geallsealbhóirí fuinnimh, agus plé a dhéanamh leo, maidir leis na roghanna gearrthéarmacha arna gcur i láthair ag an gCoimisiún (tacaíocht dhíreach do thomhaltóirí trí dhearbháin, lacáistí cánach nó trí 'samhail chomhbhailitheora/ceannaitheoir aonair', státchabhair, cánachas (máil agus CBL), caidhpeanna praghsanna, bearta rialála amhail conarthaí le haghaidh difríochtaí) chun féachaint an bhféadfaidís rannchuidiú le praghas an gháis a laghdú agus aghaidh a thabhairt ar a éifeacht ghabhála ar mhargaí leictreachais, agus dá bhféadfadh conas, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh;

c) iarrann sí ar an gCoimisiún tograí a thíolacadh lena dtabharfar aghaidh go héifeachtach ar fhadhb na bpraghsanna ró-arda leictreachais agus iomláine an Mhargaidh Aonair á caomhnú, dreasachtaí don aistriú glas á gcoinneáil, slándáil an tsoláthair á caomhnú agus costais dhíréireacha bhuiséadacha á seachaint.

I gcomhthéacs na bhfíor-ardphraghsanna atá ar an leictreachas faoi láthair, tá an Coimisiún faoi réir le measúnú a dhéanamh go práinneach ar chomhoiriúnacht na mbeart sealadach éigeandála sa mhargadh leictreachais ar thug na Ballstáit fógra ina leith, lena n-áirítear an tionchar atá ag praghsanna breoslaí iontaise ar tháirgeadh leictreachais a mhaolú, le forálacha na gConarthaí agus Rialachán 2019/943.

Agus measúnú á dhéanamh ar an gcomhoiriúnacht sin, áiritheoidh an Coimisiún freisin, trí nós imeachta brostaithe, go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas: go laghdaíonn na bearta spotphraghsanna an mhargaidh leictreachais do chuideachtaí agus do thomhaltóirí agus nach ndéanann siad difear do dhálaí trádála ar feadh méid a bheadh contrártha leis an leas coiteann. Agus an measúnú sin á dhéanamh, cuirfear san áireamh cineál sealadach na mbeart agus leibhéal na hidirnascthachta leictreachais leis an margadh aonair don leictreachas.

17. D'athbhreithnigh an Chomhairle Eorpach ullmhacht láithreach an Aontais agus chuir sí de chúram ar an gComhairle scrúdú a dhéanamh ar na tograí ón gCoimisiún maidir le beartas stórála gáis an Aontais, agus aird chuí agus aghaidh á tabhairt ar leasanna na mBallstát a bhfuil toilleadh suntasach stórála acu chun cothromaíocht chóir a áirithiú. Ba cheart tús a chur anois le hathlíonadh na n-áiseanna stórála gáis ar fud an Aontais a luaithe is féidir, agus bearta ullmhachta náisiúnta á gcur san áireamh ina n-iomláine. Agus sinn ag breathnú romhainn chuig an ngeimhreadh seo chugainn, déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún an méid seo a leanas ar bhonn práinne:

a) na sásraí riachtanacha dlúthpháirtíochta agus cúitimh a bhunú;

b) oibriú le chéile chun gás, GNL agus hidrigin a cheannach go deonach i gcomhar le chéile, agus an leas is fearr is féidir á bhaint as neart comhchoiteann polaitiúil agus meáchan margaidh an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstáit sa chaibidlíocht chun praghsanna a laghdú. Beidh an t-ardán do cheannacháin chomhchoiteanna oscailte do thíortha na mBalcán Thiar agus do thrí chomhpháirtí chomhlachaithe an Oirthir freisin;

c) bailchríoch agus feabhas a chur ar ár n-idirnaisc ar fud an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear sioncrónú iomlán na n-eangach cumhachta;

d) oibriú chun slándáil na soláthairtí a áirithiú do gach Ballstát.

18. Ní féidir an tslándáil fuinnimh ná an aeráidneodracht a bhaint amach gan margadh inmheánach láidir lán-idirnasctha leictreachais, mar aon le margadh carbóin dea-fheidhmiúil a bheith ag an Aontas. Phléigh an Chomhairle Eorpach cé mar is féidir leanúint ar aghaidh leis an obair i ndáil le feidhmiú na margaí sin a fhaire agus a bharrfheabhsú. Iarrann sí ar an gCoimisiún pé tionscnaimh a bhfuil gá leo a dhéanamh faoi mhí na Bealtaine 2022, agus na tuarascálacha deiridh ó ACER agus ESMA á gcur san áireamh freisin.

19. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag comhordú lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta chun soláthar leordhóthanach a áirithiú agus chun an méadú i bpraghsanna fuinnimh a mhaolú.

## IV. SAINCHEISTEANNA EACNAMAÍOCHA

20. Iarrann an Chomhairle Eorpach go leanfaí den obair a bhaineann le cur chun feidhme Dhearbhú Versailles chun bonn eacnamaíoch níos oscailte láidre a leagan síos, go háirithe tríd ár spleáchais straitéiseacha a laghdú sna réimsí is íogaire, amhail amhábhair chriticiúla, leathsheoltóirí, sláinte, an earnáil dhigiteach agus bia, agus trí bheartas trádála uaillmhianach stóinsithe a shaothrú, agus an infheistíocht a chothú.

21. Tríocha bliain tar éis a bhunaithe, tá an Margadh Aonair fós ar cheann de na príomhshócmhainní atá ag an Aontas Eorpach don fhás inbhuanaithe agus do chruthú na fostaíochta; baineann ríthábhacht leis freisin ó thaobh dlús a chur lena aistriú glas agus lena aistriú digiteach agus chun athléimneacht ár ngeilleagar a neartú. Is den riachtanas, i dtráth géarchéime freisin, go ndéanfaí feidhmiú an Mhargaidh Aonair a áirithiú. Ionas go mbainfidh an Margadh Aonair amach lán a acmhainneachta ar mhaithe le leas thomhaltóirí na hEorpa agus go mbeidh sé ina chuidiú le dlús a chur le táirgiúlacht agus iomaíochas na ngnólachtaí Eorpacha, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí an méid seo a leanas:

a) rialacha an Mhargaidh Aonair a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go docht agus a áirithiú go bhfuil caighdeáin chomhchuibhithe agus rialacha iomaíochta an Aontais á gcomhlíonadh ag gach cuideachta;

b) an straitéis thionsclaíoch agus an straitéis FBM a chur chun feidhme;

c) an Margadh Aonair a thabhairt chun críche, go háirithe i gcás cúrsaí digiteacha agus seirbhísí;

d) dlúthfhaireachán a dhéanamh ar scrogaill agus iad a chosc, deireadh a chur leis na bacainní gan údar agus an t-ualach riaracháin atá fós ann agus féachaint chuige nach dtiocfaidh cinn nua ar an bhfód;

e) na héiceachórais a idirnascadh ar bhealach níos fearr ar fud na mBallstát, agus na slabhraí soláthair a dhaingniú agus a éagsúlú;

f) acmhainneacht an Aontais Eorpaigh a choinneáil ar bun ó thaobh caighdeáin idirnáisiúnta a bheith á leagan síos aige.

22. Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle Eorpach maidir leis na forbairtí eacnamaíocha is déanaí. Formhuiníonn sí na tosaíochtaí beartais a leagtar amach sa Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe agus iarrann sí ar na Ballstáit iad a léiriú ina gCláir Náisiúnta um Athchóiriú agus ina gCláir um Chobhsaíocht nó um Chóineasú. Formhuiníonn sí freisin an dréachtmholadh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro.

23. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle, agus cásanna sonracha na mBallstát uile á gcur san áireamh, leanúint den obair ar an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hardphraghsanna bia agus slándáil dhomhanda an tsoláthair bia, teachtaireacht ina leagtar amach bearta gearrthéarmacha chun aghaidh a thabhairt ar an inacmhainneacht bia san Aontas Eorpach agus cabhrú le feirmeoirí a bhfuil costais arda ionchuir orthu, mar aon le bearta meántéarmacha chun tacú leis an aistriú chuig córas inbhuanaithe bia.

24. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún, i gcomhordú lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta, tosaíocht a thabhairt don obair ar shlándáil an tsoláthair bia agus inacmhainneacht bia, ar leibhéal domhanda, go háirithe trí thacú le slándáil an tsoláthair bia agus leis an talmhaíocht san Úcráin agus leis na tríú tíortha is leochailí agus is neamhchosanta. Is é sin a bheidh mar phríomhchuspóir ag tionscnamh FARM (Misean Athléimneachta Bia agus Talmhaíochta). Leis an obair iltaobhach sin, ba cheart go n-áiritheofaí feidhmiú éifeachtúil na margaí agus go spreagfaí an táirgeadh áitiúil le gur lú an baol go gclisfí ar shlándáil an tsoláthair bia. Ba cheart sláine shlabhraí an tsoláthair bia a chaomhnú.

## V. <u>COVID-19</u>

25. D'athbhreithnigh an Chomhairle Eorpach na hiarrachtaí comhordúcháin a rinneadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19.

26. Rinne sí a meas ar an dul chun cinn atá déanta maidir le himscaradh an chomhair idirnáisiúnta i réimse an rialachais dhomhanda sláinte agus na dlúthpháirtíochta, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar rolladh amach na vacsaíní agus, faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Sláinte, trí obair ar ionstraim atá le forbairt chun cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí a neartú. Is díol sásaimh di freisin an dul chun cinn a rinneadh san Eagraíocht Dhomhanda Trádála maidir le saincheist na gceart maoine intleachtúla.

## VI. CAIDREAMH SEACHTRACH

27. D'ullmhaigh an Chomhairle Eorpach an cruinniú mullaigh idir an tAontas agus an tSín atá le bheith ann an 1 Aibreán 2022. Bhí malartú tuairimí aici maidir leis an gcaidreamh leis an tSín sa chomhthéacs nua domhanda, go háirithe i gcomhthéacs an fhogha mhíleata atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin.

28. Phléigh an Chomhairle Eorpach an ghéarchéim pholaitiúil atá ann le fada an lá sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach go bhfuil sé tiomanta do pheirspictíocht Eorpach na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus na mBalcán Thiar. Ní mór do cheannairí na Boisnia agus na Heirseagaivéine tiomantas láidir a léiriú i leith an t-athchóiriú bunreachtúil agus toghchánach, ar den ríthábhacht iad don chobhsaíocht agus d'fheidhmiúlacht iomlán na tíre, a thabhairt chun críche go pras, agus tacú leis na hathchóirithe tosaíochta uile eile a leagtar amach sa Tuairim ón gCoimisiún chun stádas tír is Iarrthóir a fháil. Tá an tAontas Eorpach faoi réir le leanúint dá rannpháirtíocht ardleibhéil ina leith sin.

## VII. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

29. Tiocfaidh an Chomhairle Eorpach ar ais chuig na saincheisteanna sin ar fad ag cruinniú speisialta dá cuid.

## VIII. ÁBHAIR EILE

30. D'atogh an Chomhairle Eorpach Charles MICHEL mar Uachtarán na Comhairle Eorpaí don tréimhse ón 1 Meitheamh 2022 go dtí an 30 Samhain 2024.

31. Thug an Chomhairle Eorpach dá haire cinneadh Chinn Stáit nó Rialtais na bPáirtithe Conarthacha sa Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a bhfuil an euro mar airgeadra acu, lenar athcheapadh Charles MICHEL mar Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh Euro don tréimhse ón 1 Meitheamh 2022 go dtí an 30 Samhain 2024.